Foras na Gaeilge

BUAN-ORDUITHE

Tá na Buan-Orduithe a thuairiscítear thíos ceaptha le bheith mar threoirlínte do Bhaill agus do Chathaoirleach Fhoras na Gaeilge chun cruinnithe rialta an Bhoird amach anseo a stiúradh, agus chun cruinnithe eile a stiúradh de réir mar a eagraítear agus a chomhaontaítear iad.

Is ceart na Buan-Orduithe seo a léamh agus a fheidhmiú i gcomhar le hAcht Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999, agus le bunú na gComhlachtaí Forfheidhmithe chomh maith leis an gCód Iompair a chomhaontaigh Foras na Gaeilge agus an Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas.

1 Cruinnithe

(a) Tionólfaidh an Cathaoirleach Cruinnithe Boird Fhoras na Gaeilge agus eagrófar iad ar bhonn cruinniú go cruinniú, ag comhaontú ar ionad, am agus dáta an chéad chruinnithe eile ag an gcruinniú roimhe. Is féidir níos mó ná ionad, am agus dáta cruinnithe amháin a shocrú le haghaidh cruinnithe roimh ré fad is a thugtar fógra cuí faoi gach cruinniú do Bhaill sa taifead ar mhiontuairiscí agus i sainfhógra i scríbhinn seacht lá ar a laghad roimh an gcruinniú.

(b) Go mbeidh cead ag an Chathaoirleach cruinniú speisialta/éigeandála a ghairm ag aon am.

(c) Má lorgaíonn 7 gComhalta cruinniú speisialta/éigeandála go ndéanfaidh an Cathaoirleach cruinniú speisialta a ghairm taobh istigh de 7 lá ó fhaigheann sé/sí an t-iarratas i scríbhinn agus é sínithe ag an 7 gcomhalta agus go reáchtálfar an cruinniú taobh istigh de 14 lá ó fhaigheann sé/sí an t-iarratas. Reáchtálfar aon chruinniú speisialta de réir ghnáthnósanna imeachtaí an Bhoird.

(d) Sa chás go ngairtear cruinniú speisialta/éigeandála cuirfidh an Cathaoirleach in iúl don Phríomhfheidhmeannach cad é atá le bheith ar chlár an chruinnithe agus treoróidh sé/sí don Rúnaí an Cruinniú Speisialta a eagrú.

(e) Féadfaidh an Bord aon Chruinniú Boird a scor de réir mar is cuí dó agus a ationól don chuid eile den chruinniú ag ionad, am agus dáta a roghnaíonn sé (ní gá go mbeadh sé laistigh den fhógra seacht lá). Ní féidir déileáil, áfach, ach le gnó a bhí beartaithe don chruinniú tosaigh ag an gcruinniú ationólta, mar a tugadh le fios san fhógra don chruinniú bunaidh.

(f) Ní ligfear aon duine den phobal isteach i gcruinnithe an Bhoird mura bhfuil sainchead tugtha ag an gCathaoirleach le tacaíocht an Bhoird. Áirítear ansin toscaireachtaí foirmiúla agus cuairteoirí.

(g) Sonrófar amanta tosaithe agus críochnaithe cruinnithe Boird ar an gclár. Féadfaidh an Bord, tríd an gCathaoirleach, fadú do thréimhse shonraithe a cheadú.

(h) Is éard a bheidh sa chóram le haghaidh Cruinnithe Boird ná trian de Bhaill an Bhoird atá i dteideal freastal ar an gcruinniú ina iomláine nó ar aon ghné de. Má tá ar Bhaill den Bhord tarraingt siar as cruinniú de bharr coinbhleachta leasa socraítear an córam mar sin ag trian na mball sin atá i dteideal leanúint de pháirt a ghlacadh sa chruinniú.

(i) Déanfaidh an Rúnaí na Baill go léir atá i láthair a thaifeadadh. Coinneofar taifead chomh maith orthu sin a ghabhann leithscéal as neamhláithreacht nó as bheith déanach.

(j) Má chailleann ball Boird dhá chruinniú i ndiaidh a chéile nó má bhíonn patrún míshásúil freastail ann, gan leithscéal réasúnach, labhróidh Cathaoirleach an Bhoird leis an mball. Má chailltear trí chruinniú i ndiaidh a chéile, cinnfidh Cathaoirleach an Bhoird ar chóir rún a chur faoi bhráid an Bhoird moladh don CATT an ball a scor ón mBord.

2 Cathaoirleach

(a) Ceapfaidh an Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas an Cathaoirleach, agus féadfaidh sé nó sí éirí as an gcathaoirleacht ag aon am trí fhógra a thabhairt i scríbhinn don Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas.

(b) Tionólfaidh an Cathaoirleach cruinnithe an Bhoird.

(c) Sa chás go mbíonn vóta cothrom ann ag an mBord nó ag Coiste beidh vóta réitigh ag Cathaoirleach an chruinnithe i ndiaidh go ndéantar vóta eile agus nach mbíonn athrú ar an vóta cothrom.

(d) Cinnteoidh an Cathaoirleach go ndéantar de réir na mBuan-Orduithe le linn cruinnithe Boird, agus san ullmhúchán do chruinnithe Boird.

(e) Cinnteoidh an Cathaoirleadh go gcoinníonn an Rúnaí taifead cruinn ar chruinnithe Boird, lena n-áirítear miontuairiscí a chur ar fáil a léiríonn tuairimí an Bhoird, taifead ar thuairimí pearsan aonair más mian é sin a thaifeadadh, agus taifead ar chinntí.

(f) Nuair nach bhfuil an Cathaoirleach ar fónamh, i láthair ná ar fáil ar chúis ar bith, déanfaidh an cúntóir ainmnithe don Chathaoirleach ról an Chathaoirligh a ghlacadh.

3 Toscaireachtaí, Aighneachtaí agus Cuairteoirí

(a) Is féidir leis an mBord iarraidh ar phearsa aonair, ar ghrúpa nó ar eagraíocht labhairt leis faoi ábhar leasa nó imní bainteach.

(b) Is féidir le pearsana aonair, le grúpaí nó le heagraíochtaí iarratas a dhéanamh ar aighneacht a dhéanamh leis an mBord. Is ceart an t-iarratas sin a chur isteach i scríbhinn chuig Cathaoirleach nó Rúnaí an Bhoird, agus is gnách é a chur ar bord le haghaidh eolais agus ceadú ag an gcéad chruinniú Boird eile is féidir. Freastalóidh an toscaireacht ar an gcéad chruinniú Boird eile ina dhiaidh sin de ghnáth. Má mheastar go bhfuil práinn leis an ngnó ar mian leis an toscaireacht labhairt leis an mBord faoi, áfach, is féidir leis an gCathaoirleach iarraidh ar an bpearsa aonair, ar an ngrúpa nó ar an eagraíocht teacht chuig an gcéad chruinniú Boird eile is féidir.

(c) Cloífidh aon toscaireacht le cur i láthair nach mó ná 15 nóiméad, mura dtugann an Cathaoirleach cead dóibh dul thairis sin. Féadfaidh Baill an Bhoird ceisteanna a fhiafraí den toscaireacht le cead an Chathaoirligh.

Ní ceadmhach do Bhaill an Bhoird aon phlé a dhéanamh nó cinneadh a dhéanamh bunaithe ar an gcur i láthair fad is atá an toscaireacht i láthair.

4 Mí-Iompar

(a) Beidh an Cathaoirleach freagrach as stiúradh éifeachtach cruinnithe. Leis sin beidh an rá deiridh ag an gCathaoirleach i stiúradh na gcruinnithe agus i léirmhíniú na mBuan-Orduithe.

Má chuireann Ball den Bhord nó Cuairteoir isteach go toiliúil ar ghnó an Bhoird, nó má tá sé nó sí ionsaitheach agus mí-iomprach le linn cruinnithe, iarrfaidh an Cathaoirleach ar an mBall sin éirí as an iompar míchuí i dtosach báire agus, má leantar den iompar sin, tabharfaidh sé nó sí rabhadh don Bhall nó Cuairteoir. Má leantar den iompar míchuí, is féidir leis an gCathaoirleach iarraidh ar an mBall nó Cuairteoir an cruinniú a fhágáil.

(b) Má chreideann an Cathaoirleach nach bhfuil sé indéanta gnó an chruinnithe a dhéanamh de dheasca mí-iompar Ball nó Cuairteoirí is féidir leis nó léi faoina c(h)omhairle féin an cruinniú a chur ar atráth ar feadh tréimhse áirithe a meastar í a bheith oiriúnach chun stiúradh ceart an ghnó a ationól.

(c) Beidh an ceart ag Ball den Bhoird, má iarrann an Cathaoirleach air nó uirthi an cruinniú a fhágáil, labhairt leis an mBord i dtaca lena (h)iompar, agus i dtaca leis sin amháin, ar feadh tréimhse nach mó ná cúig nóiméad sula bhfágann sé nó sí an cruinniú. Ar labhairt leis an mBord fágfaidh an Ball an cruinniú láithreach, má ordaíonn an Cathaoirleach é sin.

(d) Sa chás, i dtuairim an Chathaoirligh, go ndéantar gearán tromchúiseach faoi iompar Comhalta Boird nó go sáraíonn Comhalta Boird na Buan-Orduithe ar bhealach substainteach, cuirfear an Comhalta Boird ar fionraí gan dochar le linn do na líomhaintí a bheith á bhfiosrú.

(e) Ní fhreastalóidh cuairteoirí ar Chruinnithe Boird ach ar an tuiscint go ndéanfaidh siad de réir na mBuan-Orduithe.

5 Ord Gnó

Beidh an t-ord seo a leanas ag gach cruinniú rialta den Bhord:

- Leithscéalta na mBall sin nach bhfuil in ann freastal nó atá déanach;
- Miontuairiscí an/na chruinnithe/gcruinnithe roimhe agus na bhfochoistí a chur ar bord;
- Toiliú le Miontuairiscí (lena n-áirítear Moltóir agus Cuiditheoir na miontuairiscí);
- Ní féidir le gnóthaí a eascraíonn ó na miontuairiscí teacht chun solais faoi nithe eile ar an gclár;
- Comhfhreagras;
- Toscaireachtaí agus Cuairteoirí;
- Rúin;
- Gnóthaí Speisialta le Breithniú;
- Tuairisc ar Obair ar Siúl;
- Ceisteanna Airgeadais;
- Aon Ghnó Eile.

Foras na Gaeilge

Féadfaidh ord gnó eile ag cruinnithe éigeandála agus speisialta de réir mar a chinnfidh an Cathaoirleach é.

Is féidir leis an gCathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach ord agus ábhar an chláir a phlé roimh an gcruinniú agus is féidir iad a athrú le toiliú an Bhoird ag an gcruinniú féin.

6 Rúin agus Leasuithe

(a) Réiteoidh an Bord ceisteanna gan réiteach mar chuid de ghnáthghnó ag deireadh gach plé bhaintigh agus déanfar gach cinneadh a mhiontuairisciú. Déanfar cinntí le comhaontú nó nuair is gá le vóta na mBall.

(b) Más mian le Baill rún a chur faoi bhráid an Chruinnithe Boird go foirmiúil is ceart dóibh an rún sin a chur isteach chuig Cathaoirleach nó Rúnaí an Bhoird 14 lá ar a laghad roimh an gcruinniú Boird i gceist. Beidh an rún sin mar chuid den chlár foirmiúil don chruinniú sin ansin agus cuirfear gach ball ar an eolas faoi mar chuid den doiciméadú a fhaightear seacht lá ar a laghad roimh gach cruinniú Boird.

Mura bhfuil an Ball atá ag déanamh an rúin in ann freastal ar an gcruinniú Boird ansin measfar go bhfuil an rún tarraingte siar, mura dtoilíonn an Bord le Ball eile mar mholtóir nó mura dtoilíonn sé ar a éisteacht a iarchur go dtí an chéad chruinniú eile den Bhord.

(c) Is féidir na nithe seo a leanas a chur i gcrích agus rúin a dhéanamh gan rún réamhfhógartha don Bhord:

- Ceisteanna cruinnis le haghaidh miontuairiscí cruinnithe;
- Ord an chláir a athrú;
- Gnó a thiomnú do choiste nó fochoiste cuí;
- Tuairiscí nó moltaí foirne a eascraíonn ó thuarascálacha a ghlacadh;
- Nós imeachta chuig an gcéad ghnó eile ar an gclár;
- An cruinniú a chur ar atráth;
- Buan-Orduithe a chur ar fionraí;
- Nithe eile de réir mar a chinneann an Cathaoirleach iad a bhfuil tábhacht láithreach leo agus a bhaineann le hoibriú éifeachtach an Bhoird.

7 Rialacha Plé

(a) Labhróidh na Baill tríd an gCathaoirleach i gcónaí.

(b) Cuirfidh an Cathaoirleach in iúl do na Baill go bhfuil an tráth chun labhairt dóibh tagtha.

(c) Ní labhróidh na Baill ach faoin ngnó atá á phlé ag an mBord ag an tráth áirithe sin.

(d) Beidh rialú an Chathaoirligh ar aon Bhuan-Ordú, lena n-áirítear pointe eolais a bhaineann le Buan-Orduithe nó le dualgais reachtúla an Bhoird, críochnaitheach.

(e) Is ceart go mbeadh na Baill ar an eolas faoin ngá le gnó a dhéanamh ar bhealach éifeachtach agus go bhféachfaidís nach rachadh a gcion thar chúig nóiméad ag aon am ar leith.

(f) Is ceart go ndéanfadh na Baill cinnte nach labhraíonn siad ach uair amháin ar aon ní a bhíonn á phlé, le comhairle ón gCathaoirleach.

(g) Féadfaidh na Baill leasú ar rún atá déanta cheana a mholadh, agus má cheadaíonn an Bord é glacfar leis sin mar an fíor-rún, mura leasaítear a thuilleadh é. Ní ghlacfaidh an Cathaoirleach ach le leasú amháin ag am amháin.

8 Canbhasáil le linn Cruinnithe agus Lasmuigh

(a) Ní dhéanfaidh na Baill canbhasáil thar ceann aon phearsan aonair, grúpa, eagraíochta nó gnólachta i dtaca le ceapachán, seirbhís nó conradh le Foras na Gaeilge.

(b) Ní dhéanfaidh na Baill canbhasáil ar a chéile le linn cruinnithe nó rompu i dtaca le ceapacháin, seirbhísí nó conarthaí a riar.

(c) Áireofar in aon mhiontuairisc ar cheapachán nó earcaíocht paragraf ina gcoisctear canbhasáil ball agus foirne.

9 Coistí an Bhoird

(a) Déanfaidh an Bord Coistí, agus Cathaoirleach gach Coiste, a cheapadh mar a mheasann an Bord iad a bheith oiriúnach agus de réir mar atá éilithe ag reacht, lena n-áirítear Coiste Iniúchóireachta. Is ceart go gcuirfeadh an Bord a Chód Iompair san áireamh chomh maith.

(b) Is ceart ballraíocht agus cathaoirleacht Coistí a athbhreithniú go débhliantúil ar a laghad.

(c) Féadfaidh an Bord aon Choiste a bhunaigh sé a dhíscaoileadh mura bhfuil feidhm leo a thuilleadh nó mura dteastaíonn siad a thuilleadh.

(d) Is éard a bheidh sa chóram do chruinnithe Coiste ná líon nach lú ná triúr Ball nó trian de Bhaill an Choiste, cibé líon is mó díobh. Ní mór ball Boird a bheith mar dhuine den chóram.

(e) Beidh Rúnaí an Bhoird freagrach as a chinntiú go dtugtar do gach ball Coiste fógra seacht lá ar a laghad faoi gach cruinniú Coiste.

(f) Más gá le Coiste déileáil le gnó práinneach nó gnó nach raibh súil leis, d'fhéadfadh sé nach léireodh an fógra, na páipéir agus an clár é sin agus go ndéileálfaí leis an ngnó práinneach nó gnó nach raibh súil leis faoi Aon Ghnó Eile.

(g) Déanfaidh Coistí, nuair is cuí, am agus dáta seasta le haghaidh cruinnithe a shocrú, ach seachas sin socróidh siad dáta don chéad chruinniú eile ag an gcruinniú reatha agus cuirfear fógra ceart ar fáil do na baill de réir alt 1 (a) thuas.

(h) Féadfaidh Cathaoirleach Coiste cruinniú speisialta den Choiste sin a thionól ag ligean do Rúnaí an Bhoird fógra seacht lá i bhfoirm scríbhinne a chur ar fáil do na baill, agus ní ceart go ndéanfaí ag an gcruinniú speisialta sin ach an gnó a fhaightear laistigh den chlár fógartha.

(i) Má chailleann ball choiste trí chruinniú i ndiaidh a chéile den choiste labhróidh Cathaoirleach an choiste leis an bhall. Labhróidh Cathaoirleach an choiste le Cathaoirleach an Bhoird agus cinnfidh Cathaoirleach an Bhoird ballraíocht an bhaill ar an choiste a chur faoi bhráid an Bhoird más cuí.

(j) Déanfaidh an Bord ag an gcéad chruinniú sceidealta eile miontuairiscí an Choiste a chur ar bord mar eolas.

(k) Is ceart go ndéanfaí rúin agus cinntí ag cruinnithe Coiste, mar a dhéantar ag cruinnithe Boird, ag baint úsáide as comhthoiliú a mhéad is féidir, agus as vóta den Choiste más gá.

(l) Bainfidh na Buan-Orduithe a nglacann an Bord leo dá fheidhmiú le Coistí agus fo-Choistí an Bhoird chomh maith.

(m) Is féidir baill nach Baill den Bhord iad a áireamh sna coistí, ach is ceart go mbeadh leath na mball ar aon Choiste nó fo-Choiste ina mBaill den Bhord.

Beidh na cearta agus an chosaint dliteanais chéanna ag baill Choiste nach Baill den Bhord iad is atá ag Baill den Bhord.

(n) Beidh ballraíocht Coistí faoi chomhairle an Bhoird.

10 Dualgais Bhaill an Bhoird

(a) Tugtar breac-chuntas orthu seo sa Chód Iompair, rud is ceart a léamh i gcomhar leis na Buan-Orduithe seo in éineacht leis an Meamram Airgeadais.

(b) Ní dhéanfaidh Baill aonair den Bhord aon bhall foirne a cháineadh nó a smachtú i dtaca le hobair a dhéantar le linn dualgas foirne thar ceann Fhoras na Gaeilge.

11 Buan-Orduithe a Athrú

Is féidir leis an mBord Buan-Orduithe a athrú, ach is ceart nóta a dhéanamh d'aon athrú a mholtar ag cruinniú Boird agus é a chur ar atráth le haghaidh breithniú ag an gcéad chruinniú sceidealta eile chun meabhrú ceart agus fógra do Bhaill nach raibh in ann freastal ar an gcruinniú tosaigh a cheadú.

12 Buan-Orduithe a Chur ar Fionraí

Féadfaidh an Bord le comhthoil nó vóta tromlaigh Buan-Orduithe a chur ar fionraí chun déileáil le mír phráinneach gnó nó nuair a oireann ag cuimhneamh ar chineál an ghnó ar leith.

13 Buan-Orduithe a Léirmhíniú

Ní dhéanfar agóid i gcoinne rialú an Chathaoirligh ag aon chruinniú den Bhord i dtaca le léirmhíniú Buan-Orduithe.

14 Buan-Orduithe a Fhoilsiú agus a Úsáid

(a) Déanfar Buan-Orduithe a scaipeadh ar gach Ball den Bhord agus ar gach ball foirne sinsearach.

(b) Beidh Cóip de Bhuan-Orduithe ar fáil do Chathaoirleach an Chruinnithe Boird agus aon chruinnithe Coiste.